7 Uime sin, amhuil atá sibh iomlán sna huile *neithibh*, a greideamh, agus a mbréithir, agus a néolas, agus fa nuile dhúthrachd, agus a ngrádh dár dtaóibhne, gur mar sin bhías sibh iomlán sa ngrása mar an gcéudna.

8 Ní tré cheannus *oruibh* a deirim so, achd do bhrígh dhúthrachd dhaóineadh eile, agus do dhearbhadh chineil bhur ngrádhhsa.

9 Oír is aithne dhaóibh grása ar Dtighearna Iosa Críosa, do bhrígh ar mbeith dhó saidhbhir, go dtarla dhó bheith bochd ar bhur sonsa, chum sibhse do dhéunmah saidhbhir ré na bhochdainesion.

13 Therefore we were comforted in your comfort: yea, and exceedingly the more joyed we for the joy of Titus, because his spirit was refreshed by you all.

14 For if I have boasted any thing to him of you, I am not ashamed; but as we spake all things to you in truth, even so our boasting, which *I made* before Titus, is found a truth.

15 And his inward affection is more abundant toward you, whilst he remembereth the obedience of you all, how with fear and trembling ye received him.

16 I rejoyce therefore that I have confidence in you in all *things*.

### Chapter 8

1 Moreover, brethren, we do you to wit of the grace of God bestowed on the churches of Macedonia;

2 How that in a great trial of affliction the abundance of their joy and their deep poverty abounded unto the riches of their liberality.

3 For to *their* power, I bear record, yea, and beyond *their* power *they were* willing of themselves;

4 Praying us with much intreaty that we would receive the gift, and *take upon us* the fellowship of the ministering to the saints.

5 And *this they did*, not as we hoped, but first gave their own selves to the Lord, and unto us by the will of God.

6 Insomuch that we desired Titus, that as he had begun, so he would also finish in you the same grace also.

7 Therefore, as ye abound in every *thing*, in faith, and utterance, and knowledge, and in all diligence, and in your love to us, *see* that ye abound in this grace also.

8 I speak not by commandment, but by occasion of the forwardness of others, and to prove the sincerity of your love.

9 For ye know the grace of our Lord Jesus Christ, that, though he was rich, yet for your sakes he became poor, that ye through his poverty might be rich.

10 Agus foillsighim minntinn sa nise: oír téid so a sochar dhaóibhsi, noch do thionnsguin cheana, ní hé amháin a dhéunamh, achd bheith fonnmhar fós daóibh bliadhain ó shin.

11 Uime sin as a nois cuiridh críoch ar a dhéunamh; ionnus mar do *bhábhair* ó thoil ro ullamh chum a dhéunta, go madh hamhluidh sin mar an gcéadna chuirfeas sibh a grích é don ní atá aguibh.

12 Oír dá raibh inntinn fonnmhar ag neach ar tús, gabhtar sin úadh, do réir a neithe atá aige, agus ní do réir a neithe nach bhfuil aige.

13 Agus ní huime a *deirim* so chum socamhuil do bheith ag dáoinibh eile, agus sibhse do bheith fá dhaóirsi:

14 Achd ar chonradh chomhthrom, *chum* bhur nacfuinnesi a nois *dfóirighin* a riachdanuision, ionnus go *bhfóirfeadh* a nacfuinnsean ar bhur riachdanusa mar an gcéadna: ar ghléus go mbiadh comhthrom *eadruibh*:

15 Do réir mar atá sgríobhtha, An tí do *chruinnigh* morán, ní raibh iomarcuigh aige; agus an tí do *chruinnigh* beagán ní raibh easbhuidh air.

16 Agus a bhuidhe ré Día, do chuir an dúthrachd céudna a gcroidhe Thítuis bhur dtimcheallsa.

17 Oír do ghlac sé go deimhin an brosdugh chuige; agus ar mbeith dhó ní sa dúthrachduigh ná sin, do thriall sé dhá thoil féin chuguibh.

18 Agus do chuireamar leis na chuideachda an dearbhrathair, ar a bhfuil deaghteisid sa soisgéul trés na huile eaglaisibh;

19 (Agus ní hé amháin, achd do toghadh é mar an gcéudna ris na heaglaisibh mar fhear comhaisdir aguinne do tháobh an ghrása, do nímid a mhíniosdrálachd chum glóire an Tighearna ceudna, agus chum go *bhfoillséochthaóí* bhur ninntinn ro ullamhsa :)

20 Ar mbeith dhúinn ag seachna ar ndiomolta do neach ar bith sa bhfairsingesi, do nítheas do mhíniosdrálachd rinn:

21 Ar mbeith dhúinn ag soláthar dheaghnitheann, ní hé amháin a bhfiadhnuisi an Tighearna, achd a bhfiadhnuisi na ndaóine mar an gcéudna.

22 Agus do chuireamar ár ndearbhráthair ma ráon ríu, noch do dhearbhamar go minic do bheith dúthrachdach a morán do neithibh, agus a nois ní sa dhúthrachduighe ná sin, do bhrigh an rodhóchuis atá aige asuibhse.

23 Achd a dtaóibh Thítuis, a sé mo chompánachsa é agus mo chomhoibrighe bhur

10 And herein I give *my* advice: for this is expedient for you, who have begun before, not only to do, but also to be forward a year ago.

11 Now therefore perform the doing *of it*; that as *there was* a readiness to will, so *there may be* a performance also out of that which ye have.

12 For if there be first a willing mind, *it is* accepted according to that a man hath, *and* not according to that he hath not.

13 For *I mean* not that other men be eased, and ye burdened:

14 But by an equality, *that* now at this time your abundance *may be a supply* for their want, that their abundance also may be a *supply* for your want: that there may be equality:

15 As it is written, He that *had gathered* much had nothing over; and he that *had gathered* little had no lack.

16 But thanks *be* to God, which put the same earnest care into the heart of Titus for you.

17 For indeed he accepted the exhortation; but being more forward, of his own accord he went unto you.

18 And we have sent with him the brother, whose praise *is* in the gospel throughout all the churches;

19 And not *that* only, but who was also chosen of the churches to travel with us with this grace, which is administered by us to the glory of the same Lord, and *declaration of* your ready mind:

20 Avoiding this, that no man should blame us in this abundance which is administered by us:

21 Providing for honest things, not only in the sight of the Lord, but also in the sight of men.

22 And we have sent with them our brother, whom we have oftentimes proved diligent in many things, but now much more diligent, upon the great confidence which *I have* in you.

23 Whether *any do enquire* of Titus, *he is* my partner and fellowhelper concerning you: or



dtáobhsa: nó a dtáobh ar ndearbhráithreach, a síad teachdáirighe na neagluiseadh íad, agus glóir Chríod.

24 Uime sin cuiridh dearbhtachd bhur ngrádha, agus ar mordháilne asuibhse, a nómhail dóibh, a bhfiadhnuisi na neagluiseadh.

## Caibidil 9

*An barr meanmnughadh chum féile agus déirce.*

1 Oir a dtáobh mhiniosdrálachda do dhéanamh do na náomhuibh, as iomarcach dhamh sgríobhadh chuguibh:

2 Oir atá fios ullmhachda bhur ninntinne agum, as a ndéanuim mórdháil asuibhse ris na Macedónachaibh, *ag rádh*, Go bhfuil blíadhuin ó bhí Achaía ullamh; ionnas gur bhrosduigh bhur niomthnúthsa morán.

3 Agus do chuir mé na dearbhráithreachasa ar siubhal, ionnus nach bíadh mó mhórdhail asuibhsi diomhaóin sa gcáilsi; agus go mbíadh sibhse ullamh, mar a dubhairt mé:

4 Deagla má thigid na Macedónachaigh riom, agus go bfuighid síad sibhse neamhullamh, go mbíadh adhnáire oruinne gan teachd oruibhse fa mhéid na mordhálasa.

5 Uime sin do bhreathnuidh mé gur riachdanach na dearbhráithre bhrósdughadh, chum teachd chugaibhsi dhóibh ar tús, agus bhur nalmsana air ar labhradh cheana do chríochnughadh roimh láimh, ionnus go mbíadh sí ullamh, mar ní *gheibhtheur* tré dháonnachd, agus ní ré crúadháil.

6 Agus *bíodh so ar cuimhne aguibh*, An tí shíolchuireas go tana is go tana bheanfus sé; agus an tí shíolchuireas go tiugh is go tiugh bheanfus sé.

7 *Tabhradh* gach áon *úadh* do réir thogra a chroidhe, ní maille ré doithcheall, nó ré héigean: oir is ionmhuin ré Día an tí bhronnus go soilbhir.

8 Agus as cumusach Día ar sibhse do líonadh do na huile ghrásaibh; ionnas ar bhfagháil bhur sáith dhaóibh a gcomhnuidhe do na huile *neithibh*, go líonfadh sibh chum gach uile dheaghoibre:

9 (Do réir mar atá sgríobhtha, Do leathnidh sé; agus tug sé do na bochdaibh: mairidh a fhireuntachd go siorruidhe.

10 Agus an tí do bheir síol don tsioladóir agus arán chum beatha, go dtuguidh agus go méuduighe sé bhur síolchursa, agus go

our brethren *be enquired of*, they are the messengers of the churches, and the glory of Christ.

24 Wherefore shew ye to them, and before the churches, the proof of your love, and of our boasting on your behalf.

## Chapter 9

1 For as touching the ministering to the saints, it is superfluous for me to write to you:

2 For I know the forwardness of your mind, for which I boast of you to them of Macedonia, that Achaia was ready a year ago; and your zeal hath provoked very many.

3 Yet have I sent the brethren, lest our boasting of you should be in vain in this behalf; that, as I said, ye may be ready:

4 Lest haply if they of Macedonia come with me, and find you unprepared, we (that we say not, ye) should be ashamed in this same confident boasting.

5 Therefore I thought it necessary to exhort the brethren, that they would go before unto you, and make up beforehand your bounty, whereof ye had notice before, that the same might be ready, as *a matter of* bounty, and not as *of* covetousness.

6 But this *I say*, He which soweth sparingly shall reap also sparingly; and he which soweth bountifully shall reap also bountifully.

7 Every man according as he purposeth in his heart, *so let him give*; not grudgingly, or of necessity: for God loveth a cheerful giver.

8 And God is able to make all grace abound toward you; that ye, always having all sufficiency in all *things*, may abound to every good work:

9 (As it is written, He hath dispersed abroad; he hath given to the poor: his righteousness remaineth for ever.

10 Now he that ministereth seed to the sower both minister bread for *your* food, and multiply your seed sown, and increase the fruits of your righteousness;)

dtuguidh sé dó thorthuibh bhur bhfiréuntachda fás;)

11 Ar mbeithdháoihbh ar bhur ndéunamh saidhbhir sa nuile chás, chum na huile dháonnachda, noch do bheir fó deara thrídne, buidheachas do bhreith ré Día.

12 Oír do bheir miniosdrálachd na hofrálasa ní hé amháin fóirighin do riachdanusaibh na náomh, achd líonuidh sé mar an gcéudna tré mhoran buidheachais do bhreith ré Día;

13 Ar mbeith dhóibh tré dhearbhtachd na miniosdralachdasa ag moladh Dé do bhrígh bhur númhlachdasa an a bhfuil sibh admhalach do shoisgéul Chríod, agus do bhrígh *bhur* gcumuinn dháonnachduigh ríu féin, agus ris na huile *náomhuibh*;

14 Agus ann a núrnuighe ar bhur sonsa, noch atá bhur níarruidh ar son ghrás Dé líonas ionnuibh.

15 Uime sin buidheachas ré Día ar son a thiodhlaice nach dtig ré teanguidh fhoillsiughadh.

## Caibidil 10

*Airm agus éideadh sbioradalta na Nccriosduigheadh.*

1 Anois sirimse Pól dathchuinge oraibh tré mhacántus agus cheannsachd Chríod, noch ar mbeith dhamh do láthair *bhíos* íseal eadruibh, achd do ní dánachd oruibh an tan nach bím bhur lathair:

2 Achd iarruim dathchuinge *oruibh* chum go mbíam teann an tan bhías mé bhur lathair, leis a ndánachd *céudna* ré a saóilthear mé bheith teann a nadhuigh *druinge* áirighe, mhéusas sinn mar do bheimís ag siubhal do réir na féola.

3 Oír ar mbeith dhúinn ag siubhal sa bhfeóil, ní do réir na féola nímid cogadh:

4 (Oír ar náirm coguidh ní féolmhar íad, ach cúmhachdach ó Dhía, chum daingneach do leagadh síos;)

5 Ag cur theilgin na hinntinne ar gcúl, agus gach uile áirde dá nárdúigheann é féin a nadhuigh éolais Dé, agus ag breith gach uile smuáintighe a mbráighdeanus chum úmhlughthe do Chríod.

6 Agus agá bhfuil díoghaltus ullamh ré dhéunamh ar a nuile easúmhachd, an tan choimhlíontar bhur númhlachdasa.

7 An do réir a bhfaicseana mheasas sibh neithe? Má atá dóthchas ag áoinneach as féin gur lé Críod é, smuáineadh sé so a rís úadh

11 Being enriched in every thing to all bountifulness, which causeth through us thanksgiving to God.

12 For the administration of this service not only supplieth the want of the saints, but is abundant also by many thanksgivings unto God;

13 Whiles by the experiment of this ministration they glorify God for your professed subjection unto the gospel of Christ, and for *your* liberal distribution unto them, and unto all *men*;

14 And by their prayer for you, which long after you for the exceeding grace of God in you.

15 Thanks *be* unto God for his unspeakable gift.

## Chapter 10

1 Now I Paul myself beseech you by the meekness and gentleness of Christ, who in presence *am* base among you, but being absent *am* bold toward you:

2 But I beseech *you*, that I may not be bold when I am present with that confidence, wherewith I think to be bold against some, which think of us as if we walked according to the flesh.

3 For though we walk in the flesh, we do not war after the flesh:

4 (For the weapons of our warfare *are* not carnal, but mighty through God to the pulling down of strong holds;)

5 Casting down imaginations, and every high thing that exalteth itself against the knowledge of God, and bringing into captivity every thought to the obedience of Christ;

6 And having in a readiness to revenge all disobedience, when your obedience is fulfilled.

7 Do ye look on things after the outward appearance? If any man trust to himself that he is Christ's, let him of himself think this again, that, as he *is* Christ's, even so *are* we

féin, amhuil is ré Críosa eision, gur lé Críosa sinne fós mar an gcéudna.

8 Oír biodh go ndéanuinn ní éigin ní sa mhó do mhórdháil as na cúmhachduibh atá aguinn, tug an Tighearna dhúinn chum bhur bhfollamnuighthesi, agus ní chum bhur gcurtha ar gcúl, ní bhíadh adhnáire oram:

9 Achd ionnus nach measfuighe mé mar bhéinn ag cur eagla oruibh rém litribh.

10 Oír atáid na litreacha, (a deirid siad,) nimhneach láidir; achd is meirbh a phearsa a láthair, agus ní bhfuil éifeachd na bhríathruibh.

11 An tí atá amhluidh sin smuáineadh sé ar so, do réir mar bhímid a mbréithir tré litribh ar mbeith dhúinn as láthair, *go mbíam* mar an gcéudna dá réir sin a ngníomh an tan bhíam a láthair.

12 Oír ní laimhmaóid sinn féin do cheangal, nó chur a gcomórus re druing áirighe bhíos dá moladh féin: gidheadh ní thuigid siad, gur dá dtomhas féin ríu féin bhíad siad, agus dá gcomórtus féin ré chéile.

13 Achd ní dhéunmaóidne mórdháil as na neithibh théid thar ar dtomhas, achd do réir mhiosúir na riaghla noch do thomhais Día dhúinn, miosúr ré rochduin fós go soithe sibhse.

14 Oír ní shínemíd sinn féin tar *mhogh*, mar nach dtiucfadh dhínn rochduin chuguibhsi: oír rangamar fós chuguibh maille ré soisgéul Chríosa:

15 Ní ag déunamh mórdhála as na neithibh nar toimhseadh dhúinn, as sáothruibh dhaóineadh eile; achd as doigh linn, ar mbeith dá bhir gcreideamhsa ag fás ionnuibh, go léigfithhear tuilleadh fairsinge chuguinn sa ní do toimhseadh dhúinn,

16 Chum as tsoisgéil do sheanmóir sna *críochaibh* atá don táobh amuigh dhaóibhsi, ní chum mordhala dhéanamh as riaghuil dhuine eile, as neithibh atá ullamh cheana.

17 Achd an tí do ní mórdháil, déunadh mórdháil as an Dtighearna.

18 Oír ní hé an tí mhólas é féin atá ionmholta, achd an tí mholtar ón Dtighearna.

### Caibidil 11

*Urraim na fírinne ag Pól tar na dallabsdoluibh meabhlach; 22 a leisgeul fós agus a fhulang.*

1 Do bfearr leam go niomchradh sibh beagán rém leimhe: agus fos iomchruidh leam.

Christ's.

8 For though I should boast somewhat more of our authority, which the Lord hath given us for edification, and not for your destruction, I should not be ashamed:

9 That I may not seem as if I would terrify you by letters.

10 For *his* letters, say they, *are* weighty and powerful; but *his* bodily presence *is* weak, and *his* speech contemptible.

11 Let such an one think this, that, such as we are in word by letters when we are absent, such *will we be* also in deed when we are present.

12 For we dare not make ourselves of the number, or compare ourselves with some that commend themselves: but they measuring themselves by themselves, and comparing themselves among themselves, are not wise.

13 But we will not boast of things without *our* measure, but according to the measure of the rule which God hath distributed to us, a measure to reach even unto you.

14 For we stretch not ourselves beyond *our* measure, as though we reached not unto you: for we are come as far as to you also in *preaching* the gospel of Christ:

15 Not boasting of things without *our* measure, *that is*, of other men's labours; but having hope, when your faith is increased, that we shall be enlarged by you according to our rule abundantly,

16 To preach the gospel in the *regions* beyond you, *and* not to boast in another man's line of things made ready to our hand.

17 But he that glorieth, let him glory in the Lord.

18 For not he that commendeth himself is approved, but whom the Lord commendeth.

### Chapter 11

1 Would to God ye could bear with me a little in *my* folly: and indeed bear with me.

2 Oir atáim éudmhar ribh ré héud díadha: óir do ullmhuigh mé sibh déinfhear amháin, chum bhur dtabhartha mar óigh fhíorghloin do Chríosa.

3 Gidheadh atá eagla oram, mar do mheall naithir neimhe Eúbhá ré na mheabhaill, go dtrúáillfidhe bhur ninntinnse mar an gcéudna ón tsimplidheachd noch atá a Gcríosa.

4 Oir dá dtigidh neach do sheanmórughadh Iósa eile, nach dearnamairne sheanmóir nó *da* nglacuidh sibh spiorad eile, nár ghlacabhair chuguibh, ná soisgeul eile, nar ghlacabhair, dob iondeunta dhíbh *a* fhúlang.

5 Oir saóilimse nach raibh bárr ag an gcuid dob áirde do na habsdaluibh oram.

6 Agus bíodh go bhfuilim túatamhuil a mbríathruibh, achd ní bhfuilim a néolas; achd do rinneadh follus sinn bhur measgsa thríd amach sna huile neithibh.

7 A né gur chionntuigh mé tré bheith dom íslúghadh féin chum sibhse dhárdughadh, tré bheith dhamh ag soisgéulughadh shoisgéil Dé dhaóibhse a naisge?

8 Do shlad mé eagluiseacha eile, ag glacadh túarasduil *úatha*, chum seirbhíse do dhéunamh dhíbhsi.

9 Agus an tan do bhí mé bhur láthair, agus riachdanas oram, níor léig mé mo throm ar éundúine: óir do fóireadh a neasbhuidh do bhí oram ris na dearbhráithribh tháinic ó Mhacedónia: agus ar a nuile *ghlés* do choimhéudas mé féin ó mo throm do léigean oruibhsi, agus *fós* coimhéudfad.

10 Atá fírinne Chríosa ionnam, nách dúnfuightheor an maóithfeachus a am adhuigh a gcríochaibh na Hachaía.

11 Créd uime? an do bhrígh nach bhfuil grádh agam dhíbhse? atá a fhios sin ag Día.

12 Achd a ní do ním, do dhéanad *fós* é, ionnus nách dtiubhruinn cionfátha don druing ler mían cionfátha dfagháil; chum a bhfaghála comhchosmhul rinne, sa ní as a ndéanuid síad maóithfeachus.

13 Oir *atáid* a leithid sin dabsdaluibh fallsa, na luchd oibre meabhlacha, dá gcur féin a bhfoirm absdál Chríosa.

14 Agus ní híognadh sin; óir cuiridh Satán é féin a bhfoirm aingil na soillse.

15 Uime sin ní mór an ní é dá gcuirid a mhinisdrí íad féin mar an gcéudna a bhfoirm minisdridhe na firéantachda; agá mbiáidh a gcríoch dheigheanach do réir a noibreacha.

16 A deirim a rís, Na tugadh éundúine meas dhuine gan chéill oram; nó *fós*, gabhuidh

2 For I am jealous over you with godly jealousy: for I have espoused you to one husband, that I may present *you* as a chaste virgin to Christ.

3 But I fear, lest by any means, as the serpent beguiled Eve through his subtilty, so your minds should be corrupted from the simplicity that is in Christ.

4 For if he that cometh preacheth another Jesus, whom we have not preached, or *if* ye receive another spirit, which ye have not received, or another gospel, which ye have not accepted, ye might well bear with *him*.

5 For I suppose I was not a whit behind the very chiefest apostles.

6 But though *I be* rude in speech, yet not in knowledge; but we have been throughly made manifest among you in all things.

7 Have I committed an offence in abasing myself that ye might be exalted, because I have preached to you the gospel of God freely?

8 I robbed other churches, taking wages *of them*, to do you service.

9 And when I was present with you, and wanted, I was chargeable to no man: for that which was lacking to me the brethren which came from Macedonia supplied: and in all *things* I have kept myself from being burdensome unto you, and so will I keep *myself*.

10 As the truth of Christ is in me, no man shall stop me of this boasting in the regions of Achaia.

11 Wherefore? because I love you not? God knoweth.

12 But what I do, that I will do, that I may cut off occasion from them which desire occasion; that wherein they glory, they may be found even as we.

13 For such *are* false apostles, deceitful workers, transforming themselves into the apostles of Christ.

14 And no marvel; for Satan himself is transformed into an angel of light.

15 Therefore *it is* no great thing if his ministers also be transformed as the ministers of righteousness; whose end shall be according to their works.

16 I say again, Let no man think me a fool; if otherwise, yet as a fool receive me, that I may boast myself a little.

chuguibh mé mar neach gan chéill, go ndéanuinsi fós beagán mórdhála asam féin.

17 A ní labhrum, ní do réir an Tighearna labhrum é, achd mar *neach* ar a bhfuil díth céille, a ndóthchas na mórdhálasa.

18 Do bhrígh go ndeanuid morán mórdháil do réir na féola, do dhéunsa mórdháil mar an gcéudna.

19 Oír fuilngidh sibh daóine gan chéill go toilteanach, do bhrígh go bhfuil *sibh féin* céillidhe.

20 Oír iomcharthaóí, dá mbeire neach a ndaóirsi sibh, dá sluige neach *sibh*, dá mbeana neach *bhur gcuid* díbh, da nárduighe neach é féin, dá mbuáile neach sibh ar a nadhuigh.

21 As a dtáobh easonóra a deirim so, amhuil mar bhéimisne annbhfán. Má seadh fós gidh bé ar bith ní as a bhfuil neach eile dána, (labhrum go mícheillidhe,) atáimse mar an gcéudna dána as.

22 An Eabhruidhe íasdan? a seadh misi *mar an gcéudna*. An Isráeluidh íad? a seadh misi fós. An do shíol Abráham íad? a seadh misi *mar an gcéadna*.

23 An minisdrí do Chríod íad? (labhrum mar dhuine mícheillidhe) atáim ós a gcionn *sa cháil sin*, níos líonmhuire a sáothruibh, a mbuilleadhuibh níos ro mhó, a bpríosúnuibh níos mionca, a ngúas bháis go minic.

24 Fuair mé dhá fhithchead *buille* achd a háon, cúig huáire ó na Iúdaighibh.

25 Do gabhadh do shlatuibh oram trí huáire, do gabhadh oram éunuáir do chlochuibh, dfulaing mé luingbhriseadh trí huáire, do bhí mé lo gon oídhche *a ndubhaigéun na fairrge*;

26 A naisdribh go minic, *a ngábhadh aibhneadh, a mbáoghal bíothamhuach, a mbáoghal ó mo chineadh, a mbáoghal ó na cineadhachuibh, a mbáoghal sa gcathruidh, a mbáoghal sa bhfásach, a mbáoghal sa bhfairrge, a mbáoghal a measg dhearbhráithreach bhfállsa.*

27 A dtuirse agus a mbriseadh croidhe, a bhfáire go minic, a nócarus agus a níotuin, a dtroisgthibh go minic, a bhfúachd agus a lomnochduighe.

28 Os cionn na neitheannsa don táobh amuigh, an ní thig oram go láetheamhuil, cúram na nuile eagluiseadh,

29 Cía bhíos lag, agus nach mbímse lag? cía gheibh oilbhéim, agus nach mbímse dom losgadh?

30 Más éigean mórdháil do dhéunamh, is as na neithibh bheanas rém éugcrúas do dhéun mórdháil.

17 That which I speak, I speak *it* not after the Lord, but as it were foolishly, in this confidence of boasting.

18 Seeing that many glory after the flesh, I will glory also.

19 For ye suffer fools gladly, seeing ye *yourselves* are wise.

20 For ye suffer, if a man bring you into bondage, if a man devour *you*, if a man take *of you*, if a man exalt himself, if a man smite you on the face.

21 I speak as concerning reproach, as though we had been weak. Howbeit whereinsoever any is bold, (I speak foolishly,) I am bold also.

22 Are they Hebrews? so *am* I. Are they Israelites? so *am* I. Are they the seed of Abraham? so *am* I.

23 Are they ministers of Christ? (I speak as a fool) I *am* more; in labours more abundant, in stripes above measure, in prisons more frequent, in deaths oft.

24 Of the Jews five times received I forty *stripes* save one.

25 Thrice was I beaten with rods, once was I stoned, thrice I suffered shipwreck, a night and a day I have been in the deep;

26 *In* journeyings often, *in* perils of waters, *in* perils of robbers, *in* perils by *mine own* countrymen, *in* perils by the heathen, *in* perils in the city, *in* perils in the wilderness, *in* perils in the sea, *in* perils among false brethren;

27 In weariness and painfulness, in watchings often, in hunger and thirst, in fastings often, in cold and nakedness.

28 Beside those things that are without, that which cometh upon me daily, the care of all the churches.

29 Who is weak, and I am not weak? who is offended, and I burn not?

30 If I must needs glory, I will glory of the things which concern mine infirmities.



31 Atá a fhios ag DÍA, eadhon Athair ar Dtighearna Iósa Críosa atá beannuige do shíor, nach bhfuilim ag déanamh bréige.

32 A Ndamascus do chuir úachdarán *an phobuil* faoi an rí Arétas coimhéud ar chathair na Ndamascenach, a ndóigh misi do ghabháil:

33 Achd dó léigeadh síos mé a gclíabh tré fhuinneóg ris an mballa, agus *mar sin* do chuáidh mé as a lámhuibh.

## Caibidil 12

*Gur tarbhoighe cail thríobloid, no tréunghlóir, sa bheathaidhse.*

1 Go deimhin ní hiomchubhaidh dhámhsa mórdháil do dhéanamh. Oir tiucfuidh mé chum taibhreadh agus taisbéunadh an Tighearna.

2 As aithnidh dhamh neach a Gcríosa ós cionn cheithre mbliádhán déug ó shin, (más ann sa gcoluinn, ní eadar; nó as an gcoluinn, ní eadar: atá a fhios ag DÍA;) noch do fúaduigheadh súas gus an treas neamh.

3 Agus as aithnidh dhamh a leithid sin do neach, (más ann sa gcoluinn, nó as an gcoluinn, ní eadar mé: atá a fhios ag DÍA;)

4 Gur fuáduigheadh é go párrthas, agus go gcéaluidh bríathra rúindiamhracha nach cóir do dhuine labhairt.

5 Do dhéun mórdháil as a shamhuil sin do neach: gidheadh ní dhéun mórdháil asam féin, muna *dhearnad* é as méugcrúasuibh.

6 Oir dá raibh na mhían oram mórdháil do dhéanamh, ní bhiáidh mé neimh-chéillidhe; oir déura mé a nfrinne: gidheadh atáim ag congmhail oram féin, deagla éunduíne dom mheas thar mar do chí sé mé, nó mar do chluin sé uáim.

7 Agus deagla áirde inntinne dom bhreith tar mhódh tré iomad sgéimhe na dtaisbéuntadh, fuáir mé sgolb ann mfeóil, áingeal Shátáin chum gabhála do dhornuibh oram, deagla áirde inntinne dom bhreith tar mhódh.

8 Dá tháobh so do chuir mé impidhe ar an Dtighearna fo thrí, fá na dhul uáim.

9 Achd a dubhairt sé riom, Is lór dhuit mo ghrássa: oir iomlánuighthear mo chúmhachdasa a néugcrúas. Uime sin budh ró mhóide mfonn mórdháil do dhéanamh as méugcrúasuibh, ionnus go ndéanadh cúmhachd Chríosa cómhnuidhe ionnam.

10 Uime sin bí sáimhe oram a néugcrúasuibh, a nimdheargthuibh, a ríachdanusuibh, a ngérléanmhanuibh, a namhgharuibh ar son

31 The God and Father of our Lord Jesus Christ, which is blessed for evermore, knoweth that I lie not.

32 In Damascus the governor under Aretas the king kept the city of the Damascenes with a garrison, desirous to apprehend me:

33 And through a window in a basket was I let down by the wall, and escaped his hands.

## Chapter 12

1 It is not expedient for me doubtless to glory. I will come to visions and revelations of the Lord.

2 I knew a man in Christ above fourteen years ago, (whether in the body, I cannot tell; or whether out of the body, I cannot tell: God knoweth;) such an one caught up to the third heaven.

3 And I knew such a man, (whether in the body, or out of the body, I cannot tell: God knoweth;)

4 How that he was caught up into paradise, and heard unspeakable words, which it is not lawful for a man to utter.

5 Of such an one will I glory: yet of myself I will not glory, but in mine infirmities.

6 For though I would desire to glory, I shall not be a fool; for I will say the truth: but *now* I forbear, lest any man should think of me above that which he seeth me *to be*, or *that* he heareth of me.

7 And lest I should be exalted above measure through the abundance of the revelations, there was given to me a thorn in the flesh, the messenger of Satan to buffet me, lest I should be exalted above measure.

8 For this thing I besought the Lord thrice, that it might depart from me.

9 And he said unto me, My grace is sufficient for thee: for my strength is made perfect in weakness. Most gladly therefore will I rather glory in my infirmities, that the power of Christ may rest upon me.

10 Therefore I take pleasure in infirmities, in reproaches, in necessities, in persecutions, in distresses for Christ's sake: for when I am weak, then am I strong.

Chríosd: óir a núair bhím lag, bím láidir an tan sin.

11 Atáim mícheillidhe ré déunamh mórdhála; is sibhse do chóimhégnidh mé: óir bá cóir dhamh mo mholadh uáibhse: óir ní raibh mé a gcáil ar bith fáoi an luchd dob áirde do na habsdaluibh, bíodh nach bhfuil éifeachd ionnam.

12 Go deimhin do hoibrigheadh cómhartaigh absduil eadruibhse maille ris a nuile fhoighid, a gcómhartaibh, agus a niongantasuibh, agus a gcúmhaichuibh.

13 Óir créud í an cháil a rabhabhair fáoi eaglaisibh eile, muna bé nár léig misi mo throm oruibh? tuguidh maitheamhnas damh sa néugcóirse.

14 Féuch, is ullamh a nois mé an treas uáir chum teachd chuguibh; agus fós ní chuirfe me mó throm oruibh: óir ní hí bhur máoin íarruim, achd sibh féin: óir ní hair an gcloinn ata dfiachuibh ionnmhus do chruinniughadh fá chómhair na naithreach, achd ar na haithribh fá chómhair na cloinne.

15 Agus budh ró mhían leamsa caitheamh ribhsi; agus mé féin fós do thabhairt ar son bhur nanmann: bíodh dhá mhéud ghráidhighim sibh, gur lúghaide bhur ngrádh dhamh é.

16 Achd bíodh, nár chuir mé muirighin oruibh, gidheadh, ar mbeith dhamh glic, do ghabh mé sibh rém ghliocas.

17 A ndearna mé éudáil oruibh a dtáobh éunduin dhár chuir mé chuguibh?

18 Do íarr mé dathchuinge ar Thítus, agus do chuir mé dearbhráthair maille ris. A ndearnuidh Títus eadáil oruibh *a ní ar bith?* a né nach a náon spioruid amháin do shiubhlamar? a né nach éúnlorg amháin *do leanamar?*

19 An sáoiltí a rís, go bhfuilmíd ag gábháil ar léisgél ribh? as a bhfiadhnuisi Dé labhramáoid a Gcríosd: achd an tiomlán, a cháirde, chum bhur bhfollamnuighthese.

20 Óir as eaguil leam, ar dteachd damh, nach bhfuighe mé sibh mar as mian riom, agus nách bhfuighe sibhse mísi mar is mían ribh: agus go *mbiáidh* imreasuin, tnúth, fearg, consbóid, íthiomradh, siusarnach, líonadh *drochmhéine, agus ceannarruic eadruibh:*

21 Deagla, ar dteachd a ris chuguibh dhamh, go nísleóchuidh mo Dhía me eadruibh, agus go gcáoinfe mé morán don druing do pheacuidh cheana, agus nach dearna aithrige sa neamhghloine agus sa sdríophachas agus sa mionáire do rinneadar.

11 I am become a fool in glorying; ye have compelled me: for I ought to have been commended of you: for in nothing am I behind the very chiefest apostles, though I be nothing.

12 Truly the signs of an apostle were wrought among you in all patience, in signs, and wonders, and mighty deeds.

13 For what is it wherein ye were inferior to other churches, except *it be* that I myself was not burdensome to you? forgive me this wrong.

14 Behold, the third time I am ready to come to you; and I will not be burdensome to you: for I seek not yours, but you: for the children ought not to lay up for the parents, but the parents for the children.

15 And I will very gladly spend and be spent for you; though the more abundantly I love you, the less I be loved.

16 But be it so, I did not burden you: nevertheless, being crafty, I caught you with guile.

17 Did I make a gain of you by any of them whom I sent unto you?

18 I desired Titus, and with *him* I sent a brother. Did Titus make a gain of you? walked we not in the same spirit? *walked we* not in the same steps?

19 Again, think ye that we excuse ourselves unto you? we speak before God in Christ: but *we do* all things, dearly beloved, for your edifying.

20 For I fear, lest, when I come, I shall not find you such as I would, and *that* I shall be found unto you such as ye would not: lest *there be* debates, envyings, wraths, strifes, backbitings, whisperings, swellings, tumults:

21 *And* lest, when I come again, my God will humble me among you, and *that* I shall bewail many which have sinned already, and have not repented of the uncleanness and fornication and lasciviousness which they have committed.

## Caibidil 13

*Bagra na gér-slaite ar dháoinibh dosmachduighe.*

1 Ag so an treas uáir dhamh ag teachd chuguibh. A mbéul dheisi no trír finn é biáidh gach uile bhríathar ar bun.

2 Do réumhráidh mé, agus réumhráidhim, an dara huair, amhuil as do bhéinn bhur látháir; agus ar mbeith dhamh as bhur lathair sgríobhuim a nois chum na druinge do pheacuidh roimhe so, agus chum na coda eile uile, dá dtigidh mé a rís, ní choigeólad sibh:

3 O atá sibh ag iarraighear dearbhadh ar Chríod labhrus ionnam, noch da bhur dtáobhsa nach bhfuil éugruáidh, achd atá cúmhachdach ionnuibh.

4 Oír bíodh gur céusadh é tré éugruas, mairidh sé fós tré chumhachd Dé. Oír atámuidne fós éugruáidh maille rision, gidheadh bíam beó maille ris tré chúmhachd Dé bhur dtáobhsa.

5 Feuchuidh sibh féin, an bhfuil sibh sa greideamh; cúartuighe sibh féin. A né nach feasach sibh oruibh féin, go bhfuil Iósa Críod ionnuibh, achd muna dáoine éidearbhta sibh.

6 Achd atá súil agum go mbiáidh a fhios aguibh nach dáoine éidearbhta sinne.

7 Agus iarraighear dathchuinghe ar Dhía gan sibhse do dhéanamh uilc ar bith; ní chum go measfuidhe sinne do bheith dearbhta, achd chum sibhse do dhéanamh neithe iomchubhaidh, bíodh go mbeimísne éidearbhta.

8 Oír ní féidir linn ní ar bith do dhéanamh a nádhuigh na firinne, achd ar son na firinne.

9 Oír bí lúathgháir oruinn, an tan bhímid féin éugruáidh, agus sibhse láidir: agus íarmuid so dathchuinghe ar Dhía mar an gcéudna, eadhon sibhse do bheith doingmhálta.

10 As uime sin sgríobhuim na neithe so ar mbeith dhamh as bhur láthair, deagla mo bheith borb ar mbeith a lathair dhamh, do réir na gcúmhachd tug an Tighearna dhamh chum follamnuighthe, agus ní chum sgriosda.

11 An cuid eile dhe, a dhearbhráithreacha, biodh gáirdeachas oruibh. Bighidh diongmhálta, bíodh deaghmheisneach aguibh, bighidh déinintinn, leanuidh don tsíothcháin; agus biáidh Día an ghradha agus na síothchána maille ribh.

12 Teannuidh féin ré chéile maille ré póig náomhtha.

## Chapter 13

1 This is the third *time* I am coming to you. In the mouth of two or three witnesses shall every word be established.

2 I told you before, and foretell you, as if I were present, the second time; and being absent now I write to them which heretofore have sinned, and to all other, that, if I come again, I will not spare:

3 Since ye seek a proof of Christ speaking in me, which to you-ward is not weak, but is mighty in you.

4 For though he was crucified through weakness, yet he liveth by the power of God. For we also are weak in him, but we shall live with him by the power of God toward you.

5 Examine yourselves, whether ye be in the faith; prove your own selves. Know ye not your own selves, how that Jesus Christ is in you, except ye be reprobates?

6 But I trust that ye shall know that we are not reprobates.

7 Now I pray to God that ye do no evil; not that we should appear approved, but that ye should do that which is honest, though we be as reprobates.

8 For we can do nothing against the truth, but for the truth.

9 For we are glad, when we are weak, and ye are strong; and this also we wish, *even* your perfection.

10 Therefore I write these things being absent, lest being present I should use sharpness, according to the power which the Lord hath given me to edification, and not to destruction.

11 Finally, brethren, farewell. Be perfect, be of good comfort, be of one mind, live in peace; and the God of love and peace shall be with you.

12 Greet one another with an holy kiss.

13 Cuirid na náóimh uile a mbeannachd chuguibh.

14 Grása an Tighearna Iósa Críosa, agus grádh Dé, agus cumann an Sbioruid Náóimh, maille ribh uile. Amén.

13 All the saints salute you.

14 The grace of the Lord Jesus Christ, and the love of God, and the communion of the Holy Ghost, *be* with you all. Amen.